Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2026
(OR. en, de, hr, hu, sk, sl)

8406/26
PV CONS 22
RELEX 538
*PARLNAT*

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

21 Aibreán 2026

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7936/26.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 7938/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin in ADD 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 7939/26

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

1. **Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac** ❶C 7901/1/26 REV 1 + REV 1 ADD 1 PE-CONS 1/26 COPEN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 15.4.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 82(1), pointe (d), agus Airteagal 83(1) agus (2) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

Leagtar ráiteas ón nGearmáin amach san Iarscríbhinn.

**Talmhaíocht**

2. **Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus beatha** ❶C 7616/2/26 REV 2 + ADD 1 17037/25 + ADD 1 + ADD 1 COR 1 AGRI
*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15.4.2026

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Chróit, an Ungáir, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne, agus an Bheilg, an Bhulgáir agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 43, Airteagal 114 agus Airteagal 168(4), pointe (b), CFAE).

Leagtar amach ráitis ón gCróit, ón Ungáir, ón Ostair, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic agus ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15.4.2026 | ❶C | 7617/26+ ADD 1<br>17102/25 + ADD 1<br>AGRI |

Ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an Ghearmáin, an Ostair agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne, agus an tSlóivéin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

Leagtar amach ráitis ón tSlóivéin agus ón tSlóvaic san Iarscríbhinn.

**Iompar**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 15.4.2026 | ❶C | 8021/1/26 REV 1<br>+ REV 1 ADD 1<br>16833/25 + ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1<br>TRANS |

Ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 91 CFAE).

Leagtar amach ráiteas ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

3. Cúrsaí reatha

4. Cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin[1]*
*Seisiún tuairimíochta*

5. An staid sa Mheánoirthear*
*Seisiún tuairimíochta*

6. Cugas Theas*
*Seisiún tuairimíochta*

[1] I láthair Aire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil).
* Gan gléasanna leictreonacha.

7. An tSúdáin
*Seisiún tuairimíochta*

8. Aon ghnó eile

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Ionsaí na Rúise ar láithreán oidhreachta UNESCO in Lviv, i bhfianaise Biennale na Veinéise 2026<br>*Faisnéis ón Laitvia* | 8179/26 |
| (b) | Gníomhaíochtaí na Bealarúise i gcoinne Ollscoil na nDaonnachtaí Eorpacha<br>*Faisnéis ón Liotuáin* | 8322/26 |
| (c) | Cuairt Aire Gnóthaí Eachtracha na Beilge ar réigiún na mBalcán Thiar<br>*Faisnéis ón mBeilg* | 8324/26 |

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 7939/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Maidir le hAirteagal 4 den Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac, dearbhaíonn an Ghearmáin go ndéantar an téarma 'le linn gníomhaíochtaí eacnamaíocha, airgeadais nó gnó' in Airteagal 4 den Treoir maidir leis an éilliú a chomhrac, a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2003/568/CGB ón gComhairle agus an Choinbhinsiúin um chomhrac an éillithe a bhfuil oifigigh na gComhphobal Eorpach nó oifigigh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i dtreis ann agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a léirmhíniú sa chiall go ndéantar tagairt do ghníomhaíochtaí i ndáil le ceannach earraí nó seirbhísí tráchtála.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus beatha**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'I bprionsabal, aithníonn an Ostair an acmhainneacht fhéideartha a bhaineann leis na teicnící géanómaíocha nua (TGN). Tá rioscaí áirithe ag baint leo, áfach.

Is díol sásaimh don Ostair gur féidir i gcónaí roghnú gan plandaí TGN de chatagóir 2 a shaothrú. Mar sin féin, níor tugadh aghaidh ar na príomhábhair imní a chuir an Ostair in iúl arís is arís eile sa téacs deiridh. Leagtar amach na hábhair imní sin thíos.

– Dar leis an Ostair, bheadh an Rialachán i neamhréir le prionsabal an réamhchúraim agus le Prótacal Cartagena araon mura ndéanfaí measúnú riosca ar na plandaí agus na táirgí TGN de chatagóir 1.

– Ina theanna sin, tá an Ostair den tuairim go bhfuil an ceart chun faisnéise agus chun saoirse rogha ag tomhaltóirí. In éagmais ceanglas lipéadaithe do na táirgí a ghabhann le plandaí TGN de chatagóir 1 (cé is moite d'ábhar atáirgthe plandaí), is teoranta i bhfad an tsaoirse rogha sin agus táimid den tuairim, dá bhrí sin, nach bhfuil sé inghlactha.

– Is díol mór sásaimh don Ostair an toirmeasc atá beartaithe ar phlandaí TGN agus a dtáirgí a úsáid san fheirmeoireacht orgánach. Mar sin féin, feictear dúinn gur fágadh gan freagairt conas a chuirfí chun feidhme é gan na táirgí a ghabhann le plandaí TGN de chatagóir 1 a lipéadú, lena n-áirítear beathú ainmhithe, gan costais bhreise shuntasacha a thabhú dóibh siúd san earnáil talmhaíochta.

– Toisc go bhféadfaí plandaí TGN a phaitinniú, tá imní ann go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar na cuideachtaí pórúcháin beaga agus meánmhéide, agus go mbrúfaí amach as an margadh iad dá dheasca. Dar leis an Ostair, ní thugann na forálacha trédhearcachta maidir le paitinní arna gcur san áireamh sa téacs deiridh aghaidh ar na hábhair imní bhunúsacha lena mbaineann an tsaincheist sin ná nach dtugann siad deimhneacht dlíthiúil.

– Creideann an Ostair nach bhfuil bonn eolaíoch faoi na critéir coibhéise a leagtar amach in Iarscríbhinn I. In ainneoin na n-ábhar imní a cuireadh in iúl arís agus arís eile, níor tugadh údar eolaíoch go nuige seo maidir leis an bhfáth gur cheart do na critéir sin a bheith coibhéiseach leis an ngnáthphorú. Ba mhaith leis an Ostair a chur in iúl freisin go n-imíonn Iarscríbhinn I go suntasach ó shainordú caibidlíochta na Comhairle maidir leis na critéir choibhéise, go háirithe maidir leis na géinmhodhnuithe in iontróin agus seichimh rialála a eisítear ón uasteorainn bhunaithe. Dar leis an Ostair, bhí gá le tuilleadh plé ar an ábhar seo sular caitheadh an vóta deireanach ar an téacs.

I bhfianaise an mhéid thuas, níl an Ostair sásta aontú le glacadh an Rialacháin.’

**RÁITEAS ÓN gCRÓIT**

‘Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625 a mheas go cuí ó na trí phríomhghné seo a leanas: an talmhaíocht, an comhshaol agus an tsláinte. Is gá freisin tuairimí an phobail a chur san áireamh agus cosaint leordhóthanach a áirithiú do thomhaltóirí agus dá gceart chun ‘saoirse rogha’.

Tacaíonn Poblacht na Cróite le próiseas cinnteoireachta arna bhunú ar eolas eolaíoch agus ar mheasúnú ar na tairbhí féideartha. Ag an am céanna, is gá ardleibhéal cosanta do shláinte an duine, do shláinte na n-ainmhithe agus don chomhshaol a chosaint, agus an talmhaíocht inbhuanaithe agus an táirgeadh bia a chosaint ag an am céanna.

Ba mhaith le Poblacht na Cróite béim a leagan ar na hábhair imní bhunúsacha seo a leanas, a chuir sí in iúl le linn na caibidlíochta ar an téacs freisin:

1. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ba cheart é a bheith ar chumas na mBallstát a chinneadh srian nó toirmeasc a chur ar shaothrú plandaí TGN ar a gcríoch féin.

2. Ní ráthaítear prionsabal an réamhchúraim go leordhóthanach i leith chosaint an tomhaltóra, an lipéadaithe ná inrianaitheacht na dtáirgí TGN go léir.

3. Níl aon bheart i bhfeidhm lena gcuirfí cosc ar éilliú féideartha comhshaoil arb iad na plandaí TGN is cúis leis, agus níl aon sásra cúitimh i bhfeidhm i gcás díobhála, go háirithe maidir leis an táirgeadh orgánach.

Dá bhrí sin, níl Poblacht na Cróite sásta tacú le glacadh an Rialacháin maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha, ós rud é nár tugadh aghaidh go sásúil ar na gnéithe sin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Measann an Ungáir gur tábhachtach an rud í an nuálaíocht sa talmhaíocht, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua a úsáid lenar féidir aghaidh a thabhairt ar phríomhdhúshláin, mar atá, an t-athrú aeráide, an tslándáil bia agus an inbhuanaitheacht. A mhéid a bhaineann le teicnící géanómaíocha nua, aithnímid gur gá creat dlíthiúil soiléir trédhearcach láidir a bhunú lena n-áiritheofar nach mbeidh riosca ag gabháil le húsáid na n-orgánach arna gcruthú leis na teicnící nua sin i leith an chomhshaoil, shláinte an duine ná sláinte ainmhithe, creat lena gcuirfear leasanna an tomhaltóra agus an táirgeora araon san áireamh go hiomchuí.

Le linn an phlé ar an dréacht le trí bliana anuas, mheas an Ungáir go bhfuil locht ó thaobh coincheapa de ar an dréacht, ós rud é nach gcuirtear san áireamh ann airíonna nuachruthaithe na bplandaí agus/nó na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo nuair a chuirtear plandaí sna catagóirí TGN1 agus TGN2; gurb amhlaidh gur ar bhonn móilíneach, agus sin bunaithe ar chineál, méid agus líon na modhnuithe, a dhéantar an t-idirdhealú, agus air sin amháin. Tá an Ungáir ag cur ábhair imní in iúl maidir leis an dréacht le fada an lá agus d'iarr sí go comhsheasmhach go gcuirfí na príomhghnéithe seo a leanas san áireamh sa togra rialála:

– Breithniú ar phrionsabal an réamhchúraim agus cur chuige cás ar chás a úsáid, lena n-áiritheofaí go ndéanfaí measúnú riosca eolaíoch i leith na bplandaí TGN go léir sula gcuirfí ar an margadh iad;

– Lipéadú riachtanach ar na táirgí TGN go léir chun inrianaitheacht a áirithiú agus chun ceart na dtomhaltóirí rogha feasach a dhéanamh a rathú;

– Comhlíontacht le hoibleagáidí na hUngáire i leith conarthaí idirnáisiúnta a áirithiú;

– Breithniú ar phrionsabal na coimhdeachta, lena n-áiritheofaí saoirse rogha na mBallstát i leith na bplandaí TGN uile;

Ós rud é nach dtugtar aghaidh ar na hábhair imní a chuireamar in iúl i dtéacs deiridh an dréacht-Rialacháin go leordhóthanach, níl an Ungáir sásta tacú lena ghlacadh.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Is díol sásaimh dúinn an dul chun cinn a rinneadh i ndréachtú an Rialacháin; mar sin féin, de bharr go bhfuil forchoimeádais fós ag Poblacht na Slóvaice maidir le plandaí TGN de Chatagóir 1, go háirithe de bharr nach gceadaítear sa dréacht-Rialachán go ndéanfaí na plandaí TGN de Chatagóir 1 ná na táirgí lena ngabhann a lipéadú feadh na slabhra luacha, rud a chuireann srian, dá réir, le ceart an tomhaltóra cinneadh feasach a dhéanamh, chinn Poblacht na Slóvaice vótáil i gcoinne an dréacht-Rialacháin.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Measann an tSlóivéin nach dtugtar aghaidh go leordhóthanach sa chomhaontú i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha ar roinnt príomh-shaincheisteanna, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: an measúnú riosca, an lipéadú, an inrianaitheacht, infhaighteacht na modhanna anailíseacha, agus neamhspleáchas na mBallstát sa chinnteoireacht agus i ndáil leis na coinníollacha táirgthe.

Cuireann an tSlóivéin in iúl go neamhbhalbh gur gá prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm agus measúnú riosca críochnúil a dhéanamh de bharr a laghad uirlisí rialaithe iomchuí atá ann faoi láthair agus an bhaoil go ndéanfaí géinmhodhnuithe neamhbheartaithe, gur gá é sin a dhéanamh chun na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfaí a imirt ar shláinte an duine nó ar shláinte na n-ainmhithe, ar an gcomhshaol nó ar tháirgeadh talmhaíochta a chosc.

I bhfianaise an mhéid thuas, níl an tSlóivéin sásta tacú leis an gcomhaontú agus ní féidir léi aontú leis an Rialachán atá beartaithe sa leagan atá ann faoi láthair, agus ba mhian léi béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé go dtabharfaí nuálaíocht isteach ar bhealach freagrach, ar bhonn fianaise eolaíoch fhónta, agus ar bhealach a chosnaíonn an comhshaol agus a chaomhnaíonn an tsaoirse rogha.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Athdhearbhaíonn an Coimisiún Eorpach go bhfuil sé tiomanta go hiomlán feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus na hearnála pórúcháin plandaí a chosaint, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna).
Chuige sin, agus i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe comhréitigh, meabhraíonn an Coimisiún na bearta seo a leanas a áirítear sa téacs atá le glacadh ag an gComhairle mar sheasamh uaithi ar an gcéad léamh:

1. Déanfaidh an Coimisiún dlúthfhaireachán ar thionchar an Rialacháin maidir le TGNanna ar FBManna in earnáil síolta na hEorpa, agus é mar chuspóir aige nach mbeidh tionchair dhiúltacha, cuir i gcás go n-eisiafaí FBManna, ar mhargadh pórúcháin na bplandaí, mar thoradh ar fhorbairt plandaí TGN, go háirithe paitinniú na bplandaí sin.
2. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhréachtú cóid iompair a bheidh réidh a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 6 mhí roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin.
3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar fheidhmiú na n-ardán ceadúnúcháin agus ar an úsáid a bhaineann earnáil na síolta astu, chun trédhearcacht maidir le paitinní agus rochtain éascaithe ar cheadúnais a áirithiú do FBManna faoi choinníollacha cothroma réasúnacha.
4. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain ag na FBManna ar thacaíocht agus ar threoir maidir le hábhair phaitinne a bhaineann le plandaí, chun cothromaíocht a bhaint amach sa chaidreamh idir na gníomhaithe éagsúla sa mhargadh pórúcháin plandaí.

5. Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí tuairiscithe uile, lena n-áirítear tuarascáil ar chur chun feidhme an rialacháin gach 5 bliana (Airteagal 32(1)), measúnú ar thionchar an Rialacháin (Airteagal 32(3)), measúnú ar thionchar na gcleachtas paitinnithe plandaí TGN (Airteagal 31(4)), agus tuarascáil ar fheidhmiú an chóid iompair gach 5 bliana (Airteagal 30(7)).
6. Mar chuid dá mheasúnú faoi Airteagal 31(4), breithneoidh an Coimisiún a iomchuí atá sé fógra léirmhínitheach 2016/C 411/03 dá chuid i ndáil le hairteagail áirithe de Threoir 98/44/CE maidir le cosaint dhlíthiúil aireagán bith-theicneolaíoch a thabhairt cothrom le dáta nó a fhorlíonadh. Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh a iomchuí agus a indéanta a bheadh sé, ó thaobh an dlí de, na critéir inphaitinneachta d'aireagáin a bhaineann le faisnéis ghéiniteach plandaí, coincheap na bpróiseas atá bitheolaíoch go bunúsach agus na coinníollacha maidir le trascheadúnú éigeantach a leagtar amach in Airteagal 12 den Treoir sin a bheachtú agus a shoiléiriú a thuilleadh, gan dochar don chreat dlíthiúil dá bhforáiltear sa Treoir agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais á gcomhlíonadh go hiomlán.
7. I gcás nach bhfuil an córas ag feidhmiú go rianúil, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na FBManna, breithneoidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, coinníollacha nó coimircí éigeantacha a bhunú mar chuid den chlásal athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 31(10), i gcomhréir iomlán le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Tacaíonn an tSlóvaic le haidhm an dréacht-Rialacháin rannchuidiú le hinbhuanaitheacht, acmhainneacht oiriúnaitheach agus athléimneacht fhoraoisí an Aontais Eorpaigh a neartú trí cháilíocht agus infhaighteacht ábhair atáirge foraoise a fheabhsú, agus nuálaíochtaí bainteacha á gcur chun cinn ag an am céanna, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide. Dá bhrí sin táimid den bharúil go bhfuil gá leis an togra seo.

Mar sin féin, a mhéid a bhaineann leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an togra comhréitigh deiridh a bhí mar thoradh ar an gcaibidlíocht idirinstitiúideach maidir le hiomaíochas earnáil foraoise an Aontais, tá an tSlóvaic fós den tuairim go n-eascraíonn ceisteanna bunúsacha maidir le comhréireacht an réitigh sin as cuimsiú ábhair atáirgthe foraoise faoi raon feidhme an Rialacháin maidir le Rialuithe Oifigiúla i bhfianaise mhéid agus shainiúlachtaí earnáil an ábhair atáirgthe foraoise. Mar shampla den chás sonrach sin in earnáil na foraoiseachta, thabharfaimis aird ar an méid seo a leanas: Murab ionann agus earnálacha na tréidliachta, an bhia agus na talmhaíochta, ní thiocfadh na hiarmhairtí a bhaineann le hábhar atáirgthe míchuí a úsáid in athchóiriú foraoise chun solais go dtí céim is faide anonn, tar éis blianta fada go minic.

Ag an am céanna, creidimid go bhféadfadh réiteach den chineál sin an t-ualach riaracháin agus airgeadais a mhéadú go míchuí d'údaráis inniúla agus oibreoirí gairmiúla araon, agus go mbeadh gá dá thoradh sin le hathruithe suntasacha ar an gcreat dlíthiúil agus institiúideach ar an leibhéal náisiúnta, rud a mbeadh tionchar ar leith aige ar na Ballstáit bheaga.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓIVÉIN**

'Measann an tSlóivéin, cé go bhfuil roinnt feabhsuithe ag eascairt ón gcomhaontú ar thángthas air sa chaibidlíocht thríthaobhach i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise, nár tugadh aghaidh go leordhóthanach ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha.

Go háirithe, cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir go bhfuil gá le forálacha níos soiléire agus níos láidre maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha sa mhargadh inmheánach chun éagsúlachtaí i ndáil le cur chun feidhme idir na Ballstáit a sheachaint, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'iomaíocht chóir agus d'inrianaitheacht. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ról na n-údarás inniúil maidir le deimhnithe oifigiúla a eisiúint, agus ar an bhféidearthacht a bheith ann do na Ballstáit sásraí rialaithe éifeachtacha náisiúnta a choimeád, agus imthosca earnáil-sonracha á gcur san áireamh.

Cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir freisin nach mór mionchoigeartú breise a dhéanamh ar rialuithe oifigiúla chun saintréithe sonracha earnáil na foraoiseachta a léiriú go leordhóthanach. Cé go bhféadfar níos mó solúbthachta a bheith mar thoradh ar chur chuige riosca-bhunaithe a thabhairt isteach, ní mór coimircí leordhóthanacha a bheith mar bhonn taca leis chun leibhéal aonfhoirmeach rialaithe a áirithiú ar fud an Aontais agus chun cóir neamh-chomhionann oibreoirí a chosc.

Thairis sin, is cúis imní don tSlóivéin na forálacha maidir le cáilíocht ábhair atáirge foraoise, go háirithe i ndáil le heasnaimh áirithe a bheith ceadaithe – lena n-áirítear lotnaidí a bheith ann – ar choinníoll nach léirítear aon éifeacht dhíobhálach ar cháilíocht. Sa chomhthéacs sin, measann an tSlóivéin gur den ríthábhacht é na coimircí a neartú maidir le bithshábháilteacht, sláinte foraoise agus rioscaí fad-téarma a chosc, go háirithe i bhfianaise chineál do-aisiompaithe an tionchair ar éiceachórais foraoise.

D'ainneoin na n-ábhar imní sin, aithníonn an tSlóivéin go bhfuil roinnt gnéithe dearfacha sa chomhaontú, go háirithe cineál deonach na bpleananna éigeandála náisiúnta, an coinníoll atá infheidhme ar allmhairí ó thríú tíortha nach mór bheith rannpháirteach i scéim ECFE maidir le hábhar atáirgthe foraoise, agus idirthréimhse 5 bliana a thabhairt isteach.

I bhfianaise an mhéid thuas, cuireann an tSlóivéin i bhfios go láidir go bhfuil gá le feabhsuithe breise ar an téacs chun ardleibhéal cosanta acmhainní géiniteacha foraoise, deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí, agus cothrom iomaíochta sa mhargadh inmheánach a áirithiú, agus saintréithe sonracha earnáil na foraoiseachta á gcur san áireamh ina n-iomláine; dá bhrí sin, staonfaidh an tSlóivéin ón vótáil.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Rialachán maidir leis an toilleadh bonneagair iarnróid a úsáid sa limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena leasaítear Treoir 2012/34/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010**<br>*Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas faoi chúiseanna na Comhairle a ghlacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Tá sé ráite ag an gCoimisiún go bhfuil sé ar intinn aige measúnú a dhéanamh ar na sineirgí atá ann idir cúraimí agus inniúlachtaí Ghníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA) a bunaíodh faoi chuimsiú a sainordaithe reatha faoi Rialachán (AE) 2016/796 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi chuimsiú na gceanglas maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme d'fhonn tacaíocht ERA a lorg i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an obair ullmhúcháin le haghaidh reachtaíocht thánaisteach agus le monatóireacht ar fheidhmíocht. Tugann an Coimisiún dá aire i ndáil leis sin gur féidir sonraí a bhailíonn ERA agus ar a ndéanann sé monatóireacht laistigh dá shainordú reatha, chomh maith le huirlisí anailíse ERA, a úsáid freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid na hacmhainneachta, chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na hearnála iarnróid, agus chun tacú le hullmhú na reachtaíochta tánaistí, agus ar an gcaoi sin dúbailt bailithe sonraí, stórála sonraí agus uirlisí anailíse a sheachaint, de mheon an tsimplithe agus na rialála níos fearr.'